Comhairle Contae Fhine Gall
Fingal County Council

An Roinn um Pleanáil agus Infrastruchtúr Straitéiseach
Planning and Strategic Infrastructure Department

# Foirm Iarratais maidir le Comhairliúcháin Réamhiarratais

## 1. Cineál Forbartha (cuir tic sa chatagóir ábhartha)

| | |
|---|---|
| Síneadh ar Theach | |
| Teach faoin Tuath | |
| Maoin Chónaithe | |
| Maoin Tráchtála | |
| Maoin Thionsclaíoch | |
| Maoin Oideachais | |
| Eile (sonraigh le do thoil) | |

## 2. Iarratasóir:

| | |
|---|---|
| Ainm an Iarratasóra: | |

*Sonraí teagmhála le soláthar i gCuid 9 den fhoirm seo*

## 3. Ainm an Té/Ghníomhaire atá ag Gníomhú Thar Ceann an Iarratasóra (más ann dó):

| | |
|---|---|
| Ainm: | |

*Sonraí teagmhála le soláthar i gCuid 10 den fhoirm seo*

## 4. Suíomh na Forbartha atá Beartaithe:

| |
|---|
| Seoladh (Éirchód san áireamh má tá sé ar fáil): |

## 5. Leas an Iarratasóra sa Láithreán:

| | | | |
|---|---|---|---|
| Cuir tic sa bhosca cuí chun leas dlíthiúil an iarratasóra sa talamh nó sa struchtúr a léiriú: | Úinéir | Áititheoir | Eile |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | | |
| Sa chás gur leas dlíthiúil "Eile" atá i gceist, tabhair tuilleadh eolais maidir le leas an iarratasóra sa talamh nó sa struchtúr. Tabhair ar aird nach féidir leis an Údarás Pleanála déileáil le fiosruithe a bhaineann le láithreáin atá ar díol/ar ceant, ná le fiosruithe ina bhfuil comhairle á lorg i dtaca le hacmhainn forbartha tailte. | | | |
| | | | |
| Ainm agus Seoladh Stáit Úinéir an Láithreáin:<br>**Murab é an t-iarratasóir an t-úinéir dlíthiúil,** is gá duit litir toilithe a sholáthar, atá sínithe ag úinéir an láithreáin chun dul i mbun comhairliúcháin réamhphleanála. | | | |

**6. Cur Síos ar an bhForbairt atá Beartaithe:**

| Tabhair cuntas ar an bhforbairt atá beartaithe: |
|---|
| |

**7. Stair Pleanála an Láithreáin:**

| Liostaigh uimhir thagartha ar bith atá ar eolas agat maidir le plé réamhphleanála, iarratais pleanála, achomhairc chuig an mBord Pleanála, stair forfheidhmithe nó dearbhuithe Alt 5 ar bith a bhain leis an láithreán roimhe seo. |
|---|
| |

**8. Léarscáileanna, Pleananna agus Líníochtaí**

Ba cheart an méid seo a leanas a chur isteach leis an iarraidh seo:

- Léarscáil de shuíomh an láithreáin: Is é 1:1000 an scála atá ag teastáil maidir le ceantair uirbeacha agus 1:2500 maidir le ceantair thuaithe.
- Ba cheart go léireofaí suíomh theach teaghlaigh an iarratasóra chomh maith le láithreán an iarratais ar iarrataí réamhphleanála a bhaineann le tithe faoin tuath.
- Líníochtaí den fhorbairt atá beartaithe atá ar fáil (amhail leagan amach an láithreáin, líníochtaí ingearchló, pleananna urláir).
- Faisnéis tacaíochta ar bith eile amhail grianghraif, tuarascálacha.

Tabhair ar aird go mb'fhéidir nach ndéanfaí iniúchadh ar láithreáin aonair, atá ina n-ábhar iarrata

| |
|---|
| comhairliúcháin réamhphleanála, agus mar sin, ba cheart duit faisnéis leordhóthanach a chur ar fáil (grianghraif, suirbhé etc.) ionas go bhféadfaí measúnú fiúntach a dhéanamh. |
| Liosta líníochtaí/doiciméid atá á gcur isteach: |

**EOLAS TEAGMHÁLA BREISE**
**NÍ CHUIRFEAR É SEO AR FÁIL GO POIBLÍ LEIS AN IARRATAS AGUS IS CHUN CRÍOCHA CUMARSÁIDE AMHÁIN A ÚSÁIDFEAR É.**

**9. Ainm, seoladh agus sonraí teagmhála an Iarratasóra:**

| | |
|---|---|
| Ainm: | |
| Seoladh: | |
| Sonraí Teagmhála: | |

**10. Ainm, seoladh agus sonraí teagmhála an Té/Ghníomhaire atá ag Gníomhú Thar Ceann an Iarratasóra (más ann dó):**

| | |
|---|---|
| Ainm: | |
| Seoladh: | |
| Sonraí Teagmhála: | |

**NÓTAÍ TÁBHACHTACHA:**

**Léigh go cúramach sula gcuirfidh tú d'fhoirm iarratais ar aghaidh**

**Tabhair ar aird gur de mheon macánta a thugtar comhairle nó tuairimí sna comhairliúcháin agus ní dhéanfar dochar do chomhlíonadh aon fheidhmeanna den Údarás Pleanála dá mbarr.**

Is éard a luaitear in Alt 247(3) den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000, arna leasú, maidir leis an méid seo:

"ní dochar comhchomhairliúcháin a dhéanamh do chomhlíonadh aon fheidhmeanna eile dá chuid ag Údarás Pleanála faoin Acht seo nó faoi aon rialacháin arna ndéanamh faoin Acht seo agus ní féidir brath air sa phróiseas foirmiúil pleanála nó in imeachtaí dlíthiúla."

Coimeádann an tÚdarás Pleanála taifead ar chomhairliúcháin réamhphleanála a bheidh ina ábhar taifid phoiblí tráth a dtaiscfear an t-iarratas pleanála. Dá bhrí sin, ba cheart duit a bheith cúramach nach gcuirfeá ar aghaidh doiciméid nár mhian leat teacht poiblí a bheith orthu.

**Nóta Faisnéise Réamhphleanála: Dearadh Uilíoch**

Tá an Roinn um Pleanáil agus Infrastruchtúr Straitéiseach tiomanta do chleachtaí a chur chun cinn a chinnteoidh go gcuirfear rochtain, dearadh uilíoch agus freastal réasúnta do dhaoine faoi mhíchumas san áireamh.

Baineann Dearadh Uilíoch le foirgnimh agus spásanna a leagan amach agus a bhainistiú le go mbeadh rochtain agus tuiscint éasca orthu, agus go bhféadfadh gach duine leas a bhaint astu, beag beann ar aois, méid, cumas nó míchumas. Ba cheart go leagfaí amach timpeallacht (nó foirgneamh, táirge nó seirbhís ar bith sa timpeallacht sin) ar bhealach a fhreastalódh ar riachtanais gach duine ar mhaith leis leas a bhaint as. Cuirtear an t-ionchuimsiú sóisialta chun cinn leis an gcur chuige seo agus mar gheall air, d'fhéadfadh nach mbeadh gá le hathruithe nó iarfheistithe costasacha níos déanaí chun freastal ar riachtanais grúpaí faoi leith, nó d'fhéadfadh an gá sin a laghdú.

Is fiú a thabhairt ar aird go mbaineann Rialacháin Tógála Cuid M le rochtain do dhaoine faoi mhíchumas, lena n-áirítear a chinntiú go mbeadh sé indéanta ag daoine faoi mhíchumas cuairt a thabhairt ar áiteanna cónaithe nua (tithe, árasáin nó bloc árasán) agus ar shíntí ar áiteanna cónaithe. Áirítear orthu sin a chinntiú go ndéanfar soláthar leordhóthanach do dhaoine chun rochtain a fháil ar fhoirgneamh agus chun leas a bhaint as, agus as na saoráidí atá aige agus na nithe atá mórthimpeall air. Is gá prionsabail an dearaidh uilíoch a chur san áireamh maidir le gach forbairt nua, mar a leagtar amach thíos[1].

**Prionsabal 1: Úsáid Chothrom:**
Tá an dearadh úsáideach agus indíolta do dhaoine a bhfuil cumais éagsúla iontu.

**Prionsabal 2: Solúbthacht maidir le hÚsáid**
Déantar freastal ar réimse leathan roghanna agus cumais ar leith leis an dearadh seo.

**Prionsabal 3: Úsáid Shimplí Iomasach**
Is furasta úsáid an dearaidh seo a thuiscint, cuma cén taithí, eolas, scileanna teanga nó leibhéal airde reatha atá ag an úsáideoir.

**Prionsabal 4: Faisnéis Inbhraite**
Leis an dearadh seo, déantar faisnéis riachtanach a chur in iúl don úsáideoir go héifeachtach, beag beann ar choinníollacha comhthimpeallacha nó cumais céadfacha an úsáideora.

**Prionsabal 5: Acmhainn ar Earráidí**
Leis an dearadh seo, déantar guaiseacha agus torthaí diúltacha gníomhartha a rinneadh de thimpiste nó go neamhbheartaithe a laghdú.

**Prionsabal 6: Saothar íseal Coirp**
Is féidir an dearadh seo a úsáid go héifeachtach agus go compordach gan mórán stró.

**Prionsabal 7: Méid agus Spás don Bhealach Isteach agus don Úsáid**
Cuirtear méid agus spás cuí ar fáil maidir le bealach isteach, teacht ar an dearadh, láimhsiú agus úsáid an dearaidh, beag beann ar mhéid cholainn an úsáideora, an staidiúir ná an tsoghluaiseacht atá aige.

**Naisc agus tagairtí úsáideacha**
www.fingal.ie/housing www.universaldesign.ie www.agefriendlyireland.ie

[1] Foinse: http://universaldesign.ie/